


# Ceithre Chéad Bliain, Fís Amháin

**Centre Culturel Irlandais**

Plean Straitéiseach 2026-2028

Centre
Culturel
Irlandais

"Is beag áit a raibh tionchar chomh mór sin aici ar mo shaol agus ar mo ghairm agus a bhí ag an Centre Culturel Irlandais. Tá forbairt nach beag dulta ar mo ghairm sa Fhrainc i gcaitheamh na mblianta agus tá go leor dá bhuíochas sin ar an CCI. Is é an CCI a choimisiúnaigh an ceoldráma is déanaí uaim, The Curing Line, a bhuaigh Duais Fedora don Cheoldrámaíocht 2025. A bhuí le tacaíocht leanúnach an CCI, beidh The Curing Line á thabhairt go dtí an Théâtre de la Ville i bPáras, deis ollmhór do chompántas ceoldrámaíochta neamhspleách as Éirinn."

**Michael Gallen, cumadóir**



# Clár an Ábhair

| | |
|---|---|
| **04** | Réamhrá |
| **09** | Cé Sinne — Ár Scéal agus Ár Misean |
| **12** | Eolas faoi Thogra Pháras na hÉireann |
| **14** | CCI de réir Uimhreacha |
| **16** | Ár bhFócas Straitéiseach |
| **20** | Mórdheiseanna Cultúrtha |
| **23** | Ár dTionchar Straitéiseach a Thomhas |
| **26** | Buíochas |



# Serge Barichard,
## Président,
## Fondation Irlandaise

Nuair a rinne Napoléon an Fondation Irlandaise a athbhunú trí ordú impiriúil in 1805, aitheantas a bhí sa mhéid sin ar rud a bhí fíor le breis is céad bliain roimhe sin: go raibh láithreacht na hÉireann chomh tábhachtach sin, chomh buanseasmhach, chomh fite fuaite sin sa chaidreamh idir Éirinn agus an Fhrainc is nach bhféadfaí dul sa seans léi.

Níl laghdú dulta ar an gcreideamh sin. Is amhlaidh is láidre é mar chreideamh, go deimhin.

Is é an Fondation Irlandaise iontaobhaí láithreacht chultúrtha na hÉireann i bPáras. Is é atá freagrach as an bhfoirgneamh ag 5 rue des Irlandais agus as a chuid gníomhaíochtaí ó 1805. Bíonn an Fondation ag obair chun saol cruthaitheach agus intleachtúil na hÉireann a chur chun cinn sa Fhrainc agus san Eoraip, agus feabhas ealaíne agus acadúil á chothú againn tríd an gcomhpháirtíocht idirnáisiúnta. Is cúis bhróid dúinn gur comhpháirtí dúinn Rialtas na hÉireann agus maoirseacht á déanamh againn ar an suíomh agus tá an caidreamh eadrainn bunaithe ar an gcomhchreideamh seo: go bhfuil tábhacht lena dtarlaíonn ag 5 rue des Irlandais, go raibh tábhacht leis riamh, agus go mbeidh tábhacht leis go ceann i bhfad tar éis dheireadh aon straitéise.

Is é an chaibidil is tábhachtaí sa scéal seo le glúnta ná Togra Pháras na hÉireann (Ireland's Paris Project nó IPP), tionscnamh nach dtagann aníos ach uair amháin i ngach glúin, a dhéanfaidh athrú ó bhonn ar an suíomh seo ionas go mbeidh sé ina spás den chéad scoth don mhalartú cruthaitheach, oideachasúil agus polaitiúil a bhíonn ar siúl ag Éirinn.

Is sa chomhthéacs sin a scríobhadh an straitéis seo, agus is ar an sprioc sin a díríodh í d'aon ghnó. Is é an obair atá le déanamh idir 2026 agus 2028 ná an dúshraith atá riachtanach le haghaidh IPP a leagan síos: sa rialachas, sna comhpháirtíochtaí, san uaillmhian ealaíne, agus i muinín na n-institiúidí. Seasann an Fondation Irlandaise go huile is go hiomlán leis an obair sin.

Tá an plean agus na geallúintí a leagtar síos ann fréamhaithe sa tuiscint nach amháin gurb é ról an Fondation an rud atá ann cheana a chaomhnú ach gurb é a ról freisin a chinntiú go leanfaidh an áit speisialta seo ag fás agus ag athrú agus go ndéanfaidh sí freastal ar na healaíontóirí a thagann anseo, ar na pobail ar baile dóibh é, agus ar an dá náisiún arb í a gcaidreamh ina steillbheatha é.







# Niall Burgess,
## Ambasadóir na hÉireann chun na Fraince agus chuig Monacó

Beagnach 450 bliain ó shin a bhunaigh grúpa beag mac léinn Éireannach pobal timpeall ar Ollscoil Pháras, a raibh sé i ndán dó bláthú mar Choláiste na nÉireannach agus mar an Centre Culturel Irlandais ina dhiaidh sin. Cuimhnímid air sin mar thúsphointe, ach ná déan dearmad go raibh míle bliain staire scríofa ar chúl na gceannródaithe sin.

Is é a iarsma sin inniu an Centre Culturel Irlandais – ceann de na foirgnimh is áille i gceann de na ceantair is áille i bPáras. Is cuid dár bhféiniúlacht mar thír é scéal na hÉireann sa Fhrainc, san am a caitheadh agus san am atá le teacht. I gcaitheamh ár staire, is anseo chun na Fraince a tháinig cuid de scoth na scoláirí, na scríbhneoirí, na bhfiontraithe agus na bhfísithe go ndearna siad saol is sochaí an dá thír a shaibhriú.

Agus faoi mar atá ár stair ceangailte go dlúth, tá ár dtodhchaí mar shochaithe faoi bhláth is faoi rath in Aontas Eorpach bríomhar fite fuaite ina chéile freisin. Is é uimhir a 5 rue des Irlandais, ár lárionad cultúir san Eoraip, cloch chúinne an scéil sin, san am a caitheadh agus san am atá le teacht. Áis chomhroinnte le haghaidh oileán comhroinnte. Ní féidir déanamh dá héagmais, ní ábhar margántaíochta é. Gach teagmháil, gach malartú ag an CCI, cuireann sé le comhrá Eorpach atá ríthábhachtach, gineann sé comhoibriú, ardaíonn sé muinín agus osclaíonn sé léargais nua a neartaíonn agus a shaibhríonn guth na hÉireann. Is éard atá sa straitéis seo ná an bealach a ndéanfaidh an tlonad é sin. Táimid ar thairseach ré nua i stair iomráiteach na háite iontaí seo.



# Dearbhail McDonald,
## Uachtarán, An Coiste Straitéise

Daoine a bhíonn ag tabhairt cuairt ar an Centre Culturel Irlandais den chéad uair, is minic gur mar seo a bhíonn acu — isteach leo tríd an áirse ar rue des Irlandais go gcaitheann siad súil timpeall an chlóis is go dtuigeann ansin cá bhfuil siad ina seasamh. Gurb amhlaidh atá a phaiste féin ag Éirinn anseo, i gcroí-lár Pháras, i ngiorracht cúpla céad slat don Panthéon, i gceann de mhórcathracha cultúrtha an domhain. Baineann sé an anáil de dhaoine gach babhta. Ba cheart go ndéanfadh.

Déanann an Coiste Straitéise a gcion féin san obair seo, agus is léiriú beag ar an CCI é comhaltaí an choiste seo freisin: Éireannaigh atá ina gcónaí i bPáras agus a roghnaigh an chathair seo mar bhaile; Éireannaigh ar cúis áthais is mhórtais dóibh an ceangal leis an bhFrainc agus le Páras; agus comhaltaí de bhunadh na Fraince a thuigeann an luach a bhaineann leis na ceangail idir an dá thír seo againne.

Tugaimid ár gcuid ama go deonach don obair seo de bhrí go gcreidimid inti, de bhrí go bhfuil feicthe againne, go díreach, an tionchar a bhíonn ag an Ionad ar na healaíontóirí a thagann anseo, ar na pobail a bhailíonn le chéile anseo, agus ar an lucht féachana a músclaítear iontas iontu agus a dtéitear i gcion orthu anseo.

Tá an straitéis seo á heisiúint ag am iontach. Forbairt chaipitil de shórt nach dtagann aníos ach uair amháin i ngach glúin, agus a dhéanfaidh athrú ó bhonn ar an suíomh, atá i gceist le Togra Pháras na hÉireann. Is deis í a bhfuilimid ar fad dáiríre fúithi. An spás seo a oscailt go hiomlán don domhan mór, i gcroí-lár Pháras, infreastruchtúr agus áiseanna atá ag teacht le huaillmhian na háite a sholáthar dó: sin é an sprioc a bhfuilimid ag obair ina treo.

I dteannta na huaillmhéine sin tá tiomantas láidir don rialachas, a chinntiú go mbeidh na struchtúir, an mhaoirseacht agus an chuntasacht a éilíonn togra mar seo i bhfeidhm. Tá an Coiste Straitéise dáiríre faoin bhfreagracht sin agus tá an méid sin le feiceáil sa phlean seo.

Táimid buíoch de gach duine a bhfuil lámh aige i gcónaí san fhorbairt – an fhoireann sa CCI, ár gcomhghleacaithe i Rialtas na hÉireann agus i Rialtas na Fraince, agus iad siúd go léir a chreideann, mar a chreidimidne, go bhfuil i bhfad níos mó le tabhairt ag an Ionad seo fós.







# Nora Hickey M'Sichili,
## Stiúrthóir, Centre Culturel Irlandais

Ní haon chomhtharlúint í go bhfuil beagnach seasca cultúrlann idirnáisiúnta arb é Páras is baile dóibh, líon níos mó ná áit ar bith eile ar domhan. Príomhchathair dhomhanda í Páras ina mbíonn saothar ealaíne á dhéanamh, á chur i láthair agus á chur trí chéile ag an leibhéal is airde. Bíonn an cultúr feiceálach agus pléitear leis ar bhealach dáiríre sa saol poiblí anseo: mar mhodh chun teagmháil a dhéanamh leis an domhan mór, chun smaointe a thástáil, agus chun ár dtuiscint ar ár n-ionad féin sa domhan sin a mhúnlú. Thuig an Centre Culturel Irlandais an tábhacht a bhain le bheith páirteach sa chomhrá sin i gcónaí riamh. Ón gcur is cúiteamh tar éis léiriúchán déanach sa séipéal, go dtí an tréimhse chónaithe a athraíonn treo chleachtas an ealaíontóra, go dtí an mac léinn a bhfágann a chuid ama anseo a rian air go buan, is anseo a dhéanann an cultúr an obair is doimhne.

Is ann don CCI chun cruthaithe agus chun cónaithe, chun ceangail agus chun malartaithe, chun ómós a thabhairt dár n-oidhreacht agus glacadh leis an nuálaíocht, agus chun infheistíocht a dhéanamh sna bunchlocha is gá chun a leithéid. Is é is treoir dúinn i ngach rud dá ndéanaimid ná an tiomantas d'uaillmhian ealaíne, an oscailteacht, an chríochnúlacht, agus an fhlaithiúlacht — luachanna atá i ndlúth agus inneach gach cónaitheacht, gach clár, gach caidreamh dá dtógaimid agus luachanna ar deimhniú iad sa chreideamh seo againne sa chultúr mar spás riachtanach don mhalartú, don tsamhlaíocht agus don taithí chomhroinnte.

Is uaillmhianach an straitéis í seo, agus is d'aon ghnó é sin. Is freagra í ar a mhéid atá an deis atá ar fáil don suíomh seo i bPáras — do shaothar ealaíne, don mhalartú fiúntach, agus do chur chun cinn na gceangal idir Éirinn, an Eoraip agus an domhan mór.

Ní fhéadfaí aon chuid de seo a dhéanamh in éagmais na tacaíochta ón Fondation Irlandaise, ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, ó Chultúr Éireann, agus ó na comhpháirtithe, maoinitheoirí agus cairde go léir a chreideann i gcumas an Ionaid. Tá foireann nótáilte againn, spás suaithinseach agus pobal ar mór leo an áit seo. Beidh toradh na ngrúpaí sin ar fad le feiceáil as seo go ceann trí bliana.







## Mar gheall ar an Ionad

Is é an Centre Culturel Irlandais lárionad cultúrtha na hÉireann san Eoraip. I gcroí-lár an Cheantair Laidine atá sé suite, i ngiorracht fead glaice don Panthéon agus bíonn sé ar oscailt don phobal ó cheann ceann na bliana — áit chun cruthaitheachta, chun teacht le chéile, áit chun foghlama is chun caidrimh, i gceann de mhórchathracha cultúrtha na cruinne.

Cuireann seomraí taispeántais agus clós an Ionaid spás ar fáil do chlár saibhir ilchineálach i gcaitheamh na bliana a chuimsíonn idir ealaín fhisiúil, cheol, litríocht, scannáin, amharclannaíocht, rince agus dhíospóireacht.

Is clár raidhsiúil é atá fréamhaithe i gcultúr comhaimseartha na hÉireann gona leithead is gona chastacht agus is clár é a mheallann lucht féachana as Páras, as Éirinn agus as gach cearn den domhan.

Ina theannta sin, cuireann an tIonad lóistín ar fáil do mhic léinn as Éirinn agus d'Éireannaigh atá ag plé le cúrsaí cultúir go gairmiúil. Cothaítear, dá réir sin, pobal bríomhar cónaithe a bhfuil an comhrá agus an chomhthuiscint agus an chomhroinnt ina ndlúthchuid dá shaol laethúil. Tugann Clár na nEalaíontóirí Cónaithe tacaíocht do chleachtóirí as Éirinn i bhforbairt a gcuid saothair agus tá roinnt spásanna stiúideo ar fáil ar an láthair.

Dlúthchuid eile d'obair an Lárionaid is ea na trí bhailiúchán shuaithinseacha seo:

- Leabharlann ilmheán phoiblí í an Médiathèque arb í Éire na linne seo is fócas di — acmhainn le haghaidh na mac léinn, lucht taighde agus éinne ar suim leo saol agus cultúr na hÉireann.
- Tá an tSeanleabharlann ar cheann den bheagán díobh sin a bhí i seilbh na bpobal a mhair sa chuid seo de Pháras i ndeireadh an 18ú haois dar tháinig slán, agus tá os cionn 8,000 leabhar, a bhfuil suntas ag baint leo ó thaobh na staire de bhrí go bhfuil siad uathúil, ar coimeád inti.
- Baineann Cartlann Stairiúil na gColáistí Éireannacha leis an tréimhse idir 1316 agus 1999 agus tá sí, dá bhrí sin, ar na taifid is luachmhaire de stair na nÉireannach i bPáras.

Dála na Seanleabharlainne, is le seanchúram an fhoirgnimh, .i. an chliarscoil, a bhaineann ár séipéal. Do Naomh Pádraig atá sé tiomnaithe agus is amhlaidh is séadchomhartha é don cheangal beo leis na céadta bliain de phobal na nÉireannach agus dá saol ar an láthair seo.

Déanach sa 16ú haois a chéadtháinig scoláirí Éireannacha go Páras ag lorg tearmainn, cuid den rabharta intleachtóirí Caitliceacha a chuaigh ar deoraíocht ó Éirinn tráth a bhí greim an choilínithe ag fáisceadh uirthi.

D'fhónaigh an séipéal dá gcomharbaí ó shin i leith — teach spioradáltachta is adhartha fós sa lá atá inniu ann agus, a bhuíochas d'fheabhas na fuaime ann, ionad ceolchoirmeacha is imeachtaí filíochta ó bhéal i gcaitheamh na bliana.

Is san fhoirgneamh seo freisin a reáchtáiltear na cúrsaí Gaeilge a chuirtear ar fáil i gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad, chomh maith le seimeanáir agus imeachtaí beaga – léiriú beag ach tábhachtach ar na pobail éagsúla arb é an tIonad seo an lárphointe cruinnithe dóibh le linn na bliana.

# Ár Misean

Barr feabhais a bhaint amach mar ionad comhaimseartha le haghaidh na teagmhála cultúrtha, na nuálaíochta i gcúrsaí ealaíon agus an allagair, ag tógáil ar cheithre chéad bliain Choláiste na nÉireannach mar lárphointe na hÉireann san Eoraip.

## Ár gCuspóir

- Pobal cruthaitheach ealaíontóirí, taighdeoirí, smaointeoirí criticiúla agus mac léinn a chothú.
- Cláir raidhsiúla a chur i láthair a thaispeánann agus a iniúchann na healaíona comhaimseartha, an cultúr agus an tsochaí ar oileán na hÉireann, gona chastacht agus gona éagsúlacht.
- Caidrimh a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chruthú le comhlachtaí comhpháirtíochta agus institiúidí i bPáras, sa Fhrainc agus san Eoraip.
- Beocht a chur in oidhreacht uathúil an Choláiste Éireannaigh agus a chuid spásanna stairiúla, lena n-áirítear an tSeanleabharlann, agus an oidhreacht sin a chaomhnú agus a fhorbairt, le cabhair an Médiathèque a bhfuil an bailiúchán is mó acmhainní Éireannacha dá bhfuil sa Fhrainc ar fáil inti.









## Maor Iontaofa ar an Infheistíocht Phoiblí

Tá straitéis an Ionaid ag teacht go díreach le tosaíochtaí bheartas náisiúnta na hÉireann maidir le cultúr agus caidreamh idirnáisiúnta, tríd ár gcuid oibre ag tacú leo seo a leanas:

- An Comhphlean Gnímh idir Éirinn agus an Fhrainc a luann an Centre Culturel mar eagraíocht lárnach sa chaidreamh idir an dá thír.
- An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, ag neartú infreastruchtúr cultúrtha na hÉireann agus ag méadú an lucht féachana atá ag an gcultúr sin go hidirnáisiúnta.
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, d'fhonn an taidhleoireacht chultúrtha, an rannpháirtíocht Eorpach agus láithreacht idirnáisiúnta luachbhunaithe na hÉireann a chur chun cinn.
- Cultúr Éireann, trí ghairmeacha idirnáisiúnta inbhuanaithe agus soghluaiseacht Eorpach ealaíontóirí Éireannacha a chumasú.
- An Chomhairle Ealaíon, tríd an tiomantas don fheabhas san ealaín, don fhorbairt ghairmiúil agus do rochtain leathan don phobal.
- Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte, lena léirítear ról an Ionaid mar spás cultúrtha d'oileán na hÉireann ina iomláine agus a thiomanta atá sé éagsúlacht fhéiniúlacht agus thaithí na hÉireann a chur in iúl.

I gcúrsaí rialachais, sa chlársceidealú a dhéantar ann, ina chuid comhpháirtíochtaí agus ina chuid rannpháirtíochta le mic léinn, le lucht taighde agus leis an bpobal, bíonn an tIonad ag feidhmiú mar mhaor iontaofa ar an infheistíocht phoiblí agus mar bhealach ríthábhachtach chun spriocanna cultúrtha na hÉireann san Eoraip a chur i gcrích. Treisíonn sé cáil na hÉireann mar náisiún atá oscailte don domhan mór agus atá muiníneach as a chultúr féin.

## Eolas faoi Thogra Pháras na hÉireann

Togra uaillmhianach é Togra Pháras na hÉireann (IPP) chun an Centre Culturel Irlandais a athrú ó bhonn ionas go mbeidh sé ina láthair den chéad scoth le haghaidh na comhroinnte idir chruthaitheach, oideachasúil agus pholaitiúil.

Tá tacaíocht ag an tionscnamh uaillmhianach athfhorbartha seo ó rialtas na hÉireann agus Eliot Bonvalot i gceannas mar Stiúrthóir Tionscnaimh. Is éard is aidhm dó ná ráiteas cumhachtach a dhéanamh faoi ról na hÉireann san Eoraip. Tá sé mar aidhm aige ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht ealaíonta, intleachtúil, pholaitiúil agus oideachasúil na hÉireann san institiúid seo atá 450 bliain d'aois, trína chinntiú gur ionad bríomhar é an tIonad le haghaidh malartú idir Éireannaigh, bíodh sé sa bhaile nó thar lear, leis an bhFrainc, leis an Eoraip agus le pobail ar fud an domhain — agus guth na hÉireann ar stáitse an domhain a neartú ar an dóigh seo.

Ní de thimpiste a roghnaíodh Páras. Ní hamháin go bhfuil ceangal láidir stairiúil ag Éirinn leis an áit seo, ach is í seo leis an



chathair a dtagann an saol mór chuici le héisteacht, is anseo atá ceannárais UNESCO agus an OECD, is ón gcathair seo a fuair Joyce, Beckett agus Eileen Gray inspioráid, agus is é Páras crosbhóthar na smaointe san Eoraip. Gach ceolchoirm, taispeántas nó comhrá dá dtarlaíonn sa CCI, bíonn mar thoradh air go n-ardaítear an mhuinín, go n-osclaítear naisc agus go neartaítear na caidrimh arb iad is bonn le hionad na hÉireann ar an stáitse idirnáisiúnta. Ní athchóiriú foirgnimh atá sa togra seo. Is amhlaidh is athneartú ar ghuth cultúrtha na hÉireann i bpríomhchathair chultúrtha é, ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh láithreacht ag Éirinn atá ag teacht lena huaillmhian.







# Ceithre Mhóraidhm an Togra seo

**01** Spás fáilteach teagmhála a oscailt

**02** Tacú le cruthú na n-ealaíon Éireannach agus lena gcur os comhair an phobail

**03** Idirphlé polaitiúil leis an bhFrainc agus leis an Eoraip a chur chun cinn

**04** Malartuithe acadúla agus taighde a chothú

Is éard atá sa straitéis seo ná droichead i dtreo na todhchaí sin. Ní sos roimh an obair cheart atá sna trí bliana lena mbaineann an straitéis — is lena linn a thosnófar an obair sin. An dúshraith institiúideach a leagan síos, na comhpháirtíochtaí a dhéanamh níos doimhne, an rialachas a neartú agus an uaillmhian ealaíonta a fhás; tá na nithe seo ar fad riachtanach do Thogra Pháras na hÉireann, agus is anois a thosófar ag obair orthu go léir.

Faoin am a bheidh tréimhse an phlean seo istigh, beidh an tIonad réidh, i ngach ciall den fhocal, dá bhfuil le teacht.

## CCI de réir Uimhreacha

Léiriú atá sna figiúirí thíos ar dheich mbliana den fhás, den tionchar ealaíonta agus den tógáil phobail ag an Centre Culturel Irlandais. Is éard atá le léamh iontu ná scéal institiúid a chuireann fáilte roimh mhórán, a dhéanann an beart d'ealaíontóirí agus don lucht féachana, agus atá réidh don chéad chaibidil eile.

**217,000**

duine a d'fhreastail ar imeachtaí cultúir idir 2015 agus 2024

**882**

imeacht a reáchtáladh le linn tréimhse dheich mbliana, 90 ceann sa bhliain ar an meán

**400**

ealaíontóir ar cuireadh fáilte rompu ar thréimhse chónaitheachta ó thosaigh clár na gcónaitheachtaí sa bhliain 2002

**11,000**

duine a thugann cuairt ar ár leabharlanna gach bliain

**1,530**

dalta a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí oideachais sa bhliain 2024



"Tá saol fónta cultúrtha agus cruthaitheachta tábhachtach don duine aonair agus don tsochaí. Féadfaidh rannpháirtíocht in imeachtaí cultúrtha ár saol a shaibhriú. Má chuirtear deiseanna ar fáil chun an rannpháirtíocht chultúrtha agus chruthaitheachta a leathnú agus a shaibhriú, is féidir neart an phobail a chur chun cinn agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú. Pobail níos láidre agus níos inbhuanaithe an toradh a bhíonn air sin. Sa tsochaí seo againne atá ag dul in éagsúlacht, bíonn ról tábhachtach ag an rannpháirtíocht chultúrtha maidir leis an gcaoinfhulaingt, an iomchuimsitheacht agus an aontacht shóisialta a chur chun cinn."

**Cultúr Éireann**

# Ár bhFócas Straitéiseach

## Cruthaigh agus Cothaigh

Ón nóiméad a théann an t-ealaíontóir thar tairseach isteach ag rue des Irlandais, bíonn an tlonad ag feidhmiú ar son an tsaothair agus am, spás, idirphlé coimeádaíochta agus rochtain ar cheann de mhórchathracha cultúrtha an domhain á gcur ar fáil aige.

An clár ealaíne a eascraíonn as an tiomantas seo, téann sé go Páras agus níos faide i gcéin ionas go dtéann cruthaitheacht na hÉireann i gcion ar an gcomhrá san Eoraip agus ar fud an domhain.

- Clár críochnúil a chur i láthair ó thús deireadh na bliana ina mbeidh taispeántais, taibhléirithe, ceolchoirmeacha, litríocht agus plé a léiríonn fairsinge agus uaillmhian chultúr na hÉireann
- Clár cónaitheachta den chéad scoth a choimeád ag imeacht agus a fhorbairt, agus spás ceart a sholáthar i gcónaí le haghaidh na fiosrachta agus na cruthaitheachta, ag tacú le healaíontóirí ag pointí cinniúnacha ina gcleachtas, idir iad siúd atá luath sa ghairm agus iad siúd atá níos seanbhunaithe
- Leanúint orainn i mbun píolótú ar choimisiúnaithe agus comhléirithe ar shaothair nua uaillmhianacha atá ar scála mór, go háirithe sna blianta seo amach romhainn ar clochmhílte iad don CCI
- Caidreamh fadtéarmach le healaíontóirí agus idir ealaíontóirí a chothú, mar aon le naisc thábhachtacha cultúrtha, ag tógáil ar líonra a chuireann le lucht féachana agus le tionchar an CCI
- A bheith inár dtearmann d'ealaíontóirí agus fáilte a chur rompu, agus onóir a thabhairt sa tslí sin d'fheidhm stairiúil an fhoirgnimh seo mar thearmann dóibh siúd atá ina ghá.

## Ceangail agus Malartaigh

Tá áit ar leith ag an CCI – institiúid Eorpach ag croí-lár na hEorpa, atá leabaithe i saol cultúrtha Pháras, a bhfuil caidreamh aige ar fud na Fraince, na mór-roinne agus i measc dhiaspóra na hÉireann ar fud an domhain. Seasann sé d'Éirinn gona castacht go léir: lárionad don oileán ina iomláine, thuaidh agus theas, agus do na traidisiúin agus féiniúlachtaí a chuimsíonn sé. A bhuíochas dá stair agus dá shuíomh idir Éirinn, an Fhrainc agus an Eoraip, féadfaidh an tlonad seo a bheith ina áit ina gcastar na smaointe ar a chéile, crosbhóthar na ndisciplíní, agus áit a ngineann an t-idirphlé idir na cultúir rud nach nginfí go deo in éagmais an idirphlé chéanna.

Is fíorbhaile é freisin do chuid mhaith daoine: pobal an tséipéil, lucht foghlama na Gaeilge, alumni a fhilleann bliain i ndiaidh bliana, an diaspóra a aimsíonn cuid éigin díobh féin anseo. Scoileanna áitiúla a bhaineann leas as an leabharlann chun a thuilleadh eolais a chur ar Éirinn, agus cuairteoirí sa chomharsanacht a thagann ar an lonad trí sheans ach a mhealltar isteach – cuid den rud is CCI ann is ea na dreamanna sin ar fad. Tá an straitéis seo tiomanta do na naisc sin ar fad a onórú agus a neartú, agus san am céanna na deiseanna eisceachtúla atá ag teacht sna trí bliana amach romhainn chun guth na hÉireann a chraobhscaoileadh san Eoraip, na deiseanna sin ar fad a thapú.

- Glacadh go hiomlán le pobal uile an CCI — ealaíontóirí, alumni, pobal an tséipéil, lucht labhartha na Gaeilge, an diaspóra agus iad siúd ar fad ar áit chun caidrimh agus chun foghlama é an CCI, agus áit ar dual dóibh a bheith
- An teagmháil a bhíonn againn leis an lucht féachana sa Fhrainc agus mórthimpeall na hEorpa a neartú agus a fhairsingiú, for-rochtain a fhorbairt lasmuigh de Pháras, ag teacht ar phobail nua agus ag cur fáilte rompu mar rannpháirtithe gníomhacha i saol an lonaid.
- Feiceálacht agus guth an CCI a mhéadú, ag neartú agus ag cur le cúrsaí cumarsáide in Éirinn agus sa Fhrainc lena chinntiú go n-aithnítear go soiléir gur droichead atá san lonad a cheanglaíonn cultúr, idirphlé agus taighde acadúil na hÉireann leis an gcuid eile den Eoraip.
- Comhpháirtíochtaí le hinstitiúidí agus líonraí cultúrtha na Fraince a neartú, agus deiseanna nua a chruthú d'ealaíontóirí Éireannacha le comhoibriú a dhéanamh le disciplíní eile, ag giniúint saothair nua, foghlaim chomhroinnte agus caidreamh ealaíne buanseasmhach a leathnóidh i bhfad amach ón lonad.
- An CCI a chur chun cinn mar thionól le haghaidh idirphlé polaitiúil, intleachtúil agus sibhialta, ag cur leis an gclár i réimsí seachas na healaíona d'fhonn dul i ngleic leis na smaointe, na díospóireachtaí agus na comhráite móra atá ag múnlú na hEorpa comhaimseartha, lena n-áirítear tionscnaimh straitéiseacha ar nós chlár malartaithe na gcoimeádaithe agus comhpháirtíochtaí atá pleanáilte leis na meáin.
- Píolótú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí acadúla agus oideachais, le scoileanna agus le hollscoileanna, a cheanglaíonn glúnta nua le hobair agus le misean an CCI.

## Oidhreacht agus Nuálaíocht

Tá Coláiste na nÉireannach, mar a thugtar uaireanta air le teann ceana fós, ag feidhmiú le beagnach 450 bliain mar ionad léinn agus scoláireachta, mar thearmann agus mar áit ina dtarlaíonn an malartú cultúrtha. Ní féidir an stair sin a scaradh ó chaidreamh na hÉireann leis an Eoraip. Is pribhléid í an oidhreacht sin ach tá dualgas ag gabháil léi freisin: chun maoirseacht cheart a dhéanamh uirthi, beocht a chur inti le barr samhlaíochta, agus deimhin a dhéanamh de go mbíonn teagmháil fhónta idir an t-am a caitheadh, an lá atá inniu ann agus an t-am atá le teacht. Acmhainn luachmhar atá sa CCI le haghaidh ealaíontóirí, taighdeoirí, agus don mhórphobal, idir Éireannach, Francach, agus idirnáisiúnta, agus geallann an straitéis seo go ndéanfar an acmhainn seo níos inrochtana, níos ábhartha agus níos bríomhaire ar bhealaí nuálacha.

- Tuilleadh buntáiste a bhaint as an tSeanleabharlann, an Séipéal, an chartlann, agus cnuasach na lámhscríbhinní meánaoiseacha mar acmhainní beo le haghaidh an chlársceidealaithe ealaíne, na scoláireachta agus rannpháirtíocht an phobail, agus na peirspictíochtaí criticiúla comhaimseartha mar aon leis an rannpháirtíocht láidir, arbh iad is sainchomhartha do chur chuige an CCI, a choimeád sa siúl
- Rochtain ar an CCI, a bhailiúcháin leathana agus a chuid oibre a fhairsingiú trí fhormáidí nua, idirghabháil chultúrtha, eispéiris threoraithe agus straitéisí digiteacha — ag cur sainbhailiúcháin an CCI ar fáil do scoláirí, d'ealaíontóirí agus do phobail atá i bhfad ó Pháras
- Tuilleadh buntáiste a bhaint as an Médiathèque mar ardán lárnach don fhoghlaim, taighde agus idirghabháil chultúrtha, ag cruthú ceangail leis an lucht féachana trí chláir oideachais, formáidí treoraithe agus rochtain dhigiteach
- Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an oidhreacht agus teicneolaíochtaí nua agus na himpleachtaí atá aige sin d'ealaíontóirí, do chartlanna agus d'institiúidí ar nós an CCI, agus guth tomhaiste gníomhach a dhéanamh den lonad sa chomhrá sin.

## Infheistigh agus Neartaigh

Aon institiúid a bhfuil uaillmhian chomh mór sin aici ní mór di bunchlocha a bheith aici atá Fíorláidir.

Tá san áireamh ansin an foirgneamh álainn seo againn mar aon leis na tailte a ghabhann leis, ach tá san áireamh ansin freisin tacaíocht a thabhairt don fhoireann, nuachóiriú a dhéanamh ar chórais, cúraimí agus freagrachtaí a shoiléiriú, agus oibriú leis an trédhearcacht a mbíonn maoinitheoirí agus an pobal araon ag súil léi, agus an ceart acu.

- Agus caomhnú iomlán an tSéipéil, na Leabharlainne agus aeistéitic an fhoirgnimh á chinntiú, an foirgneamh a athrú ó bhonn, ag cur an oidhreacht i dtiúin leis an nua-aimseartacht, ag cur spás a bheidh níos fáiltí agus níos dírithe ar an lucht féachana ar fáil agus feabhas á chur ar na háiseanna do na háitritheoirí san am céanna, ag cloí leis na caighdeáin chuí inrochtana agus sábháilteachta, an láthair oidhreachta seo á coimeád mar an áit fháilteach ionchuimsitheach a bhfuil an tlonad tiomanta dó a bheith
- Oibríochtaí inmheánacha a nuachóiriú agus a shoiléiriú, ag simpliú na struchtúr, ag cur le soiléire na ról agus ag tógáil na héifeachtúlachta agus na trédhearcachta a bheidh mar bhonn faoin gcéad chéim eile i bhforbairt an lonaid agus a chinnteoidh go gcuirfear an straitéis seo i gcrích
- Sruthanna ioncaim a fhás agus a éagsúlú tríd an daonchairdeas, trí sheomraí a ligean ar cíos go straitéiseach, trí chomhpháirtíochtaí agus urraíocht, ag fanacht dílis i gcónaí do mhisean an lonaid
- Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt, folláine agus cumas ceannaireachta na foirne, ag cur le cumas agus saineolas gach duine acu agus an maoiniú agus an fhoireann is gá a fháil chun feidhmiú faoi na coinníollacha is fearr
- Na córais oibríochtúla, an t-infreastruchtúr digiteach agus an inniúlacht phleanála is gá chun tacú le fás an lonaid agus lena bheith ullamh don chéad chéim eile ina fhorbairt, é sin ar fad a thógáil
- Leanúint ar aghaidh ag neartú na gcreataí rialachais a bhaineann leis an CCI agus leis an an Fondation Irlandaise, ag baint amach na gcaighdeán a mbítear ag súil leo in institiúid dá leithéid seo
- Feidhmiú le trédhearcacht agus le cuntasacht phoiblí, ag leanúint na gcaighdeán rialachais is airde is dual d'institiúid a bhfuil infheistíocht phoiblí shuntasach á fáil aici



Ár bhFócas Straitéiseach



“Is acmhainn í láithreacht dhomhanda chultúrtha na hÉireann – sa stair agus sa lá atá inniu ann – i gcodarsnacht iomlán lenár méid, agus is bua suntasach náisiúnta í. Tá tionchar domhanda chultúr na hÉireann ar cheann de na buntáistí iomaíocha is mó atá againn agus is bealach lárnach é le nascadh le lucht féachana agus le pobail nua dhomhanda chomh maith le diaspóra domhanda na hÉireann. ”

**An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála**





# Mórdheiseanna Cultúrtha

Tá roinnt mhaith cloch mhíle sna trí bliana amach romhainn, don Ionad, dá stair agus d'Éirinn féin.

2026

## Uachtaránacht na hÉireann ar an AE (2026)

Idir mí Iúil agus mí na Nollag 2026 beidh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag Éirinn, tréimhse a mbeidh feiceálacht thar cuimse ag baint léi, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Mar chuid lárnach de Chlár Cultúrtha Uachtaránacht an AE, beidh clár uaillmhianach imeachtaí á chur i láthair ag an CCI sa Fhrainc, ag leagan béim, ar stáitse na hEorpa, ar chruthaitheacht agus éagsúlacht chultúrtha na hÉireann.
.

2027

## 25 Bliain den CCI (2027)

In 2027, déanfaidh an CCI ceiliúradh ar 25 bliain den chruthaitheacht, den cheangal agus den chomhoibriú. Ó osclaíodh é in 2002, reáchtáladh 882 imeacht ann i gcaitheamh dheich mbliana, thacaigh sé le breis is 400 ealaíontóir cónaithe agus cuireadh fáilte roimh na mílte cuairteoir. Is éard atá sa chloch mhíle seo ná deis chun machnaimh agus athnuachana, agus ról an CCI mar lárionad cultúrtha na hÉireann san Eoraip á athdhearbhú.

## Bliain na Normannach (2027)

2027, Bliain Eorpach na Normannach

I gcomhar le Rialtas na hÉireann, beidh ceiliúradh á dhéanamh ag an CCI ar an mórthionscnamh cultúrtha Eorpach seo atá faoi stiúir an Région Normandie. Tríd an gclár tras-Eorpach comhoibrithe agus comórtha seo, déanfaidh an tionscnamh iniúchadh ar oidhreacht chomhroinnte na Normannach ar fud na hEorpa.

2028

## 450 Bliain de Láithreacht na hÉireann i bPáras (2028)

Cothrom na bliana 2028, ceithre chéad is caoga bliain ó shin, a bhunaigh an tAthair John Lee Coláiste na nÉireannach in 1578. Déanfaidh an comóradh seo ceiliúradh ar an léann, ar an gcruthaitheacht agus ar an malartú idir Éirinn agus an Fhrainc — oidhreacht a chuirtear ar aghaidh tríd an Centre Culturel Irlandais inniu.












# Ár dTionchar Straitéiseach a Thomhas

Déanfaidh an tIonad monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéanfar de réir na gceithre théama straitéiseacha atá aige agus is le táscairí ar leith a dhéanfar sin. Déanfar athbhreithniú orthu seo go bliantúil mar chuid de thimthriall pleanála gnó an CCI, agus cuirfear ar fáil, dá bhrí sin, córas soiléir soilse tráchta ar mhaithe leis an mBord, an Coiste Straitéise agus mórmhaoinaitheoirí.

## Cruthaigh agus Cothaigh

- Líon na n-ealaíontóirí cónaithe (na cineálacha ealaíne a bhí i gceist san áireamh) a cuireadh i gcrích gach bliain, iad siúd a raibh comhoibriú idirnáisiúnta i gceist leo san áireamh.
- Líon na gcoimisiún agus na gcomhléirithe nua a cuireadh i gcrích, le linn blianta a bhfuil clocha míle iontu go háirithe.
- Céatadán na n-ealaíontóirí cónaithe a bhaineann ardáin mhóra amach (féilte, ionaid, foilseacháin) ó dheireadh na cónaitheachta go ceann dhá bhliain
- Éagsúlacht na n-ealaíontóirí a dtugtar tacaíocht dóibh, de réir tíreolaíochta, disciplín agus chéim na gairme
- Sásamh agus tionchar na n-ealaíontóirí, suirbhé bliantúil neamhspleách mar shlat tomhais orthu
- Gairmithe cultúrtha a d'fhreastail ar oscailtí taispeántais (spriocanna le leagan síos roimh ré, de réir tharraingt an ealaíontóra)
- Sciar na saothar a chuirtear i láthair arís in ionaid chultúrtha eile (amharclanna, gailearaithe príobháideacha, srl.), de bharr líonra an Ionaid agus tar éis dó coiméadaíocht a dhéanamh orthu

## Ceangail agus Malartaigh

- Líon na gcomhpháirtíochtaí ilbhliantúla reatha le hinstitiúidí cultúrtha sa Fhrainc agus san Eoraip, imeachtaí a eascraíonn as na tograí seo, líon na n-imeachtaí a ndéantar comhchoimeádaíocht orthu, agus an saghas cúnaimh a chuireann na comhpháirtíochtaí ar fáil
- Fás sa lucht féachana lasmuigh de Pháras, inrochtain náisiúnta ar fud na Fraince san áireamh
- Líon na n-imeachtaí a bhaineann le hidirphlé sibhialta agus intleachtúil a chuirtear i gcrích gach bliain
- Fás i rannpháirtíocht an phobail lena n-áirítear alumni an Ionaid, an diaspóra, pobal an tséipéil, pobal na Gaeilge agus grúpaí agus cumainn Éireannacha eile
- Tionchar na cumarsáide i measc an aosa chultúrtha agus an aosa pholaitiúil in Éirinn agus sa Fhrainc – clúdach sna meáin, fás sna liostaí ríomhphoist agus teagmháil dhigiteach mar shlata tomhais

## Oidhreacht agus Nuálaíocht

- Líon na ndaltaí, na múinteoirí agus na ngrúpaí scoile a bhíonn rannpháirteach gach bliain ag tarraingt go díreach ar na bailiúcháin
- Fás sna comhpháirtíochtaí acadúla agus taighde ag an tríú leibhéal agus lasmuigh de
- Méadú ar an rochtain dhigiteach ar na bailiúcháin – rannpháirtíocht ar líne mar shlat tomhais
- Líon na gcoimisiún comhaimseartha ealaíne nó scolártha a fhreagraíonn d'oidhreacht an CCI
- Idirghníomhú le teicneolaíochtaí úrnua, lena n-áirítear ar a laghad togra bliantúil amháin a phléann leis na bealaí a bhíonn an oidhreacht agus an nuálaíocht ag tarraingt le chéile

## Infheistigh agus Neartaigh

- Seasmhacht airgeadais agus dul chun cinn maidir le héagsúlú ar shruthanna ioncaim agus laghdú ar an spleáchas ar aon mhaoinitheoir amháin
- Forbairt agus folláine na foirne – athbhreithniú bliantúil agus aiseolas ón bhfoireann mar shlata tomhais
- Inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an fhoirgnimh, na caighdeáin chuí mar shlata tomhais ar an dul chun cinn
- Clocha míle maidir le rialachas á mbaint amach agus táscairí maidir le hinniúlacht oibríochtúil a bheith ag teacht le hamlíne an IPP, faoi athbhreithniú ag an gCoiste Straitéise.





"Is comhpháirtí ríthábhachtach é an Centre Culturel Irlandais don Ministère de la Culture i bPáras maidir le cónaitheachtaí agus gairmithe idirnáisiúnta a óstáil, rud a chothaíonn taithí thumthach a bhíonn tábhachtach agus malartuithe cultúrtha a bhíonn inbhuanaithe agus struchtúrtha."

**Damien Roger, Ministère de la Culture**

# Fondation Irlandaise

## Bord

**Comhaltaí arna gceapadh ag aireachtaí agus institiúidí na Fraince**
Serge Barichard, Uachtarán - Ionadaí de chuid an Cour des Comptes
Yves Gounin, Leas-Uachtarán - Ionadaí de chuid an Conseil d'Etat
Gabriel Bourlaud, Ionadaí de chuid an Ministère des Affaires Etrangères
Joanna Dorsser, Ionadaí de chuid an Archevêché de Paris
Dominique Ponsot, Ionadaí de chuid an Cour de Cassation
Arnaud Teyssier, Ionadaí de chuid an Ministère de l'Intérieur

---

**Comhaltaí arna gceapadh ag Stát na hÉireann**
A Shoilse Niall Burgess, Ambasadóir na hÉireann chun na Fraince agus chuig Monacó
Dearbhail McDonald, Rúnaí
Michael McWilliams, Cisteoir
Maeve Jennings
Una McMahon
An Ró-Oirmhinneach Thomas O'Connor

---

**An Coiste Straitéise**
A Shoilse Niall Burgess, Ambasadóir na hÉireann chun na Fraince agus chuig Monacó
Dearbhail McDonald, Uachtarán
Serge Barichard
Yves Gounin
Maeve Jennings
Kara Lennon-Casanova
Una McMahon
David McNulty
Michael McWilliams
Cliona Ní Riordain
Cian O'Brien
An Ró-Oirmhinneach Thomas O'Connor
Fiona Olivier
Bill Shipsey

---

# Foireann an Centre Culturel Irlandais

**Stiúrthóir**
Nora Hickey M'Sichili

**Príomhoifigeach Oibriúcháin**
Fanny Begueria

**Cumarsáid agus Caidreamh Poiblí**
Rosetta Beaugendre
Anne-Sophie Delhommeau

**Forbairt, Oidhreacht agus Leabharlanna**
Carole Jacquet
Marion Mossu

**Lóistín agus Cíosrolla na Seomraí**
Patricia Costello
Yann Le Cadre
Stéphanie Nic Cárthaigh (deireadh seachtaine)
Evelyn Doyle (deireadh seachtaine)

**Bainistíocht Foirgnimh**
Benoit Audonnet

**Riarachán**
Stephen Doyle

**Bainistíocht Teicniúil**
Stéphane Gherbi

---

# Buíochas ar leith

**Sharon Barry agus Ciaran Walsh**
Cultúr Éireann

**Eugene Downes**
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

**Ciarán Breen agus Hugh Farrell**
Ambasáid na hÉireann, Páras

**Colette Norwood**
Comhairle na Breataine i dTuaisceart Éireann

**Siobhan Molloy**
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann

**Go raibh míle maith ag an mBord, an Coiste Straitéise, foireann an CCI agus na comhairleoirí a thug cúnamh agus an straitéis seo á hullmhú.**

**Is le tacaíocht ó Common Good a ullmhaíodh í seo**

Centre
Culturel
Irlandais

Centre Culturel Irlandais, 5, rue des Irlandais, 75005 Paris
**www.centreculturelirlandais.com**